V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.11042 – BLACKROCK / AT&T / GIGAPOWER)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 51/04)

1. An 1 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BlackRock, Inc. (Blackrock, Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— AT&T Inc. (AT&T, Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Gigapower, LLC (Gigapower, Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú AT&T.

Gheobhaidh BlackRock agus AT&T rialú comhpháirteach ar Gigapower de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir infheistíochta é BlackRock. BlackRock Alternatives Management, LLC, arb é an fhochuideachta de chuid Blackrock a gheobhaidh rialú comhpháirteach ar Gigapower, rialaíonn agus bainistíonn sé cinntí infheistíochta maidir le ciste a dhíríonn ar infheistíochtaí sa slabhra luacha le haghaidh bonneagar digiteach, iompair, fuinnimh agus cumhachta.

— Is soláthraí seirbhísí cumarsáide agus teicneolaíochta é AT&T.

3. Is éard a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó Gigapower innealtóireacht a dhéanamh ar líonraí sna Stáit Aontaithe, agus iad a thógáil, úinéireacht a ghlacadh orthu, agus iad a oibriú, agus oibriú mar mórdhíoltóir snáithín do Sholáthraithe Seirbhíse Idirlín agus do ghnólachtaí eile sna Stáit Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11042 – BLACKROCK / AT&T / GIGAPOWER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost : COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË